# Seanfhocail

1. Níl aon tinteán mar do thinteán féin.
2. Tús maith leath na hoibre.
3. Mair a chapaill is gheobhair fear.
4. Is giorra cabhair Dé ná an doras.
5. Mol an óige is tiocfaidh sí.
6. Is minic a bhris béal duine a shrón.
7. Bíonn an fhírinne searbh.
8. Taithí a dheineann máistreacht.
9. Is fusa rud a rá ná a dhéanamh.
10. Is fearr an tsláinte ná na táinte.
11. Castar na daoine ar a chéile ach ní chastar na cnoic ná na sléibhte.
12. Is treise stuaim ná neart.
13. Is leor ó Mhóir a dícheall.
14. Téir go bruach na habhann is gheobhair breac.
15. Is maith an t-anlann an t-ocras.
16. Ní dheintear tigh gan teanga.
17. In ithe na putóige a bhíonn a tástáil.
18. Níor bhris focal maith béal riamh!
19. Bailíonn brobh beart.
20. Conas a thugann an taoide an lá, de réir an tseanfhocail:

    Ag tuile is ag trá a thugann an taoide an lá.
21. Is fearr lán doirn den cheird ná lán doirn den ór.
22. Múineann gá seift.
23. Ní féidir ceann críonna a chur ar ghuaillí óga.
24. Bíonn blas milis ar phraiseach na gcomharsan.
25. Briseann an dúchas trí shúilibh an chait.
26. Cad a dhéanfadh mac an chait ach luch a mharú.
27. Fuadach an chait ar an domblas.
28. Gach aoinne ag cur a bhó thar abhainn.
29. Is binn béal ina thost.
30. Is olc an ghaoth ná séideann maith do dhuine éigin (ná fóireann ar dhuine éigin).
31. Bíonn adharc fada ar na buaibh thar lear.
32. Is measa leonadh ná briseadh.
33. Níor bhris focal maith béal riamh.
34. Níl aon Satharn sa bhliain ná go spallann an ghrian.
35. Is fearr a bheith ag lorg bia ná goile.
36. Is mó athrú a chuireann lá Márta dhe.
37. An té ná cuireann san Earrach ní bhaineann sa bhFómhar.
38. Madra Rua dhá uair ní mealtar é.

39. Comhartha na doininne an oíche a bheith soineann.
40. Ceathanna Fómhair nó tóin bunóice
41. Aon, cuireata, is cíoná – triúr nach minic ar aon lá.
42. Beatha duine a thoil.
43. Seachain an t-olc is dein an mhaith.
44. Tuirse istoíche is fuirseadh is ló.
45. Nuair a ragair an Róimh bí id Rómhánach leo.
46. Bligeárd sráide nó scolaire tuatha.
47. Is deacair an giorrfhiadh a chur as an dtor ná fuil sé.
48. Ní mar a síltear a bhítear.
49. Is minic a bhíonn fear mór gan a phaidreacha.
50. Ní thagann ciall roimh aois.
51. Is glas iad na cnoic i bfhad uainn.
52. Nuair a theigheann an gabhar an teampall ní stadann sé go dteigheann sé ar an altóir.
53. Súil le breith a chailleann an cearrbhach.
54. Ní bhíonn an rath mar a mbíonn an smacht.
55. Mac don gcat an piscín.
56. Gadaí na bprátaí ní bhíonn sé gan málaí.
57. Tiocfaidh an lá fós go mbeidh gnó ag an mbó dá h-eireaball.
58. Caora mhór an t-uan i bhfad.
59. Bliain le duine agus bliain ‘na choinne.
60. Is fearr an troid ná an t-uaigneas.
61. Is mór é luach na foidhne gan amhras.
62. Dá mbeadh soineann go Samhain bheadh breall ar dhuine éigin.
63. Tosach maith leath na h-oibre.
64. Is fearr uair an chloig ar maidin ná dhá uair an chloig tráthnóna.
65. Bád gan stiúir nó cú gan eireaball.
66. Clocha ceangailte agus madraí scaoilte.
67. ‘A thuilleadh uisce’ arsa an Francach nuair a bhí sé á bháthadh sa tsrúill.
68. Ní h-iad na fir mhóra a bhaineann an Fómhar ar fad.
69. ‘Sí an scuab nua is fearr a scuabhann an tigh.
70. An té nach trua leis do chás ná dein do ghearán leis.
71. Faigheann seana-bhróig seana-stoca.
72. Is beag orm bláthach nuair a bhíonn mo bholg lán di.
73. ‘Is deas í an neart’ arsa an dreoilín nuair a chaith sé an chiaróg leis an bhfaill.
74. Ní sia gob an ghé ná gob an ghandail.
75. Seachain an drochdhuine agus ní baol duit an duine macánta.
76. Ná tabhair do chúl le comhairle ar mhaithe leat.
77. Fan le bróig an tseanduine agus b’fhéidir go gcaithfeadh sé fhéin í.